

CRR
AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

# Tuarascáil Bhliantúil 2017



# CLÁR

Tuairisc an Choimisinéara. . . . 3
Grúpa Bainisteoireachta an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid agus Struchtúr na hEagraíochta.. . . . 5
Ról an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid. . . . 6
Aonáin faoi réir Rialála. . . . 7
Líon na bPaisinéirí. . . . 7
Iarnród Éireann . . . . 7
LUAS (Transdev) . . . . 7
Straitéis an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid . . . . 7
Tuairisc an Phríomhchigire – Údarú le Cur i mBun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht . . . . 8
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse (APIS) . . . . 8
APIS - Bonneagar . . . . 9
APIS - Comharthaíocht agus Teileachumarsáid . . . . 9
APIS – Rothstoc . . . . 10
Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht . . . . 12
Tiománaithe Traenach a Cheadúnú. . . . 12
Gnóthais Iarnróid a Cheadúnú.. . . . 12
Tuairisc an Phríomhchigire – Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú 13
Maoirseacht & Forfheidhmiú . . . . 13
Iniúchóireacht ar Chomhlíonadh (Maoirseacht Réamhghníomhach). . . . 14
Cigireacht Iar-Eachtra (Maoirseacht Fhrithghníomhach ar Thionóiscí nó Eachtraí). . . . 16
Cigireacht . . . . 16
Forfheidhmiú . . . . 17
Torthaí iniúchóireachta, cigireachta agus iar-eachtra a chur i ngníomh. . . . 17
Cruinnithe Maoirseachta . . . . 18
Eagraíochtaí eile iarnróid . . . . 18
Balfour Beatty Rail Ireland. . . . 18
Bord na Móna . . . . 18
Iarnróid Oidhreachta. . . . 18
Cumann Buon Choimeádtha Iarnróid na hÉireann . . . . 18

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen agus Noel Enright as ucht cead a thabhairt a chuid íomhanna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo.

Foláirimh ón Tionscal.. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 19
Uiríll . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 19
Feidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 20
Tuairisc an Phríomhchigire – Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta. . . . . 21
Idir-inoibritheacht agus sábháilteacht Iarnróid i limistéar iarnróid aonair an AE . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 21
Cúnamh don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. . . . . . . . . . . . 22
Comhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta . . . . . . . . . . . . . . . . . . 22
Iompar earraí contúirteacha. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 22
Tuairisc an Cheannaire Rialachais & Rialála.. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23
Rialachas Corparáideach agus Riarachán . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23
Cúrsaí Airgeadais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 23
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24
Luath Saothair Iomlán Fhoireann an CRR. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 24
Dualgais Chánach a Chomhlíonadh . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Taisteal agus Speansais . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Tiomantas don Ghaeilge . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Saoráil Faisnéise . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Cairt Chustaiméirí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Bainistíocht Rioscaí . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Cód um Eitic agus Iompar Gnó . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Tuairisceoireacht Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh . . . . . . . . . . . 25
Athbhreithniú ar Shocruithe Rialachais an CRI . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Ráiteas Straitéise 2015 – 2017. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 25
Feidhmeanna Rialála an Mhargaidh. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 26
Tuairisc faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014. . . . . . . . . . . . . . . . . 26
Aguisíní . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 27
Aguisín 1 . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 27
Líon na bPaisinéirí ar na Córais Iarnróid Troma agus Éadroma 2017 . . . . . 27
Aguisín 2 CRI Torthaí Iniúchtaí agus Cigireachtaí 2017. . . . . . . . . . . . . 28
Aguisín 3 AITI Moltaí. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 30
Aguisín 4 Táscairí Feidhmíochta Sábháilteachta. . . . . . . . . . . . . . . . . . 31
Aguisín 5 Iarnróid Oidhreachta. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 36



# TUAIRISC ÓN GCOIMISINÉIR CHUIG AN AIRE IOMPAIR, TURASÓIREACHTA, AGUS SPÓIRT

A Aire,

Tá sé ina údar áthais don Choimisiún a thuarascáil bhliantúil i gcomhair 2017 a chur faoi do bhráid. Is é seo an tuarascáil bhliantúil deiridh faoi straitéis reatha an Choimisiúin 2015 – 2017.

I mí Lúnasa 2017, d'éirigh an Coimisinéir Gerald Beesley as obair tar éis 7 mbliana ar thug sé sárseirbhís don Choimisiún um Rialáil Iarnróid lena linn. Guíonn an Coimisiún agus a fhoireann gach rath air agus é ar scor. Ghlac an Coimisinéir nua lena cheapachán i mí na Nollag 2017 agus chomhlíon an Leas-Choimisinéir an ról idir an dá linn.

Chuir an Coimisún clár dúshlánach roimhe i gcomhair 2017 lena n-áirítear measúnacht a dhéanamh ó thaobh na sábháilteachta ar na hoibreacha nua a bhain le síneadh Tras-Chathrach LUAS agus é i gceist go gcuirfí tús le hoibríochtaí i mí na Nollag 2017. Pleanáladh feidhmeanna forleathana maoirseachta lena n-áirítear iniúchóireacht agus cigireacht bunaithe ar anailís ar rioscaí. Díríodh leis an monatóireacht, ar mar a chuir eagraíochtaí iarnróid gníomhartha arna n-iarraidh ag an CRI i ngníomh, agus le moltaí an Aonaid um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid ar shábháilteacht na n-iarnród a fheabhsú. An mhonatóireacht ar Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair agus tacaíocht theicniúil leanúnach don Roinn le béim ar leith ar an 4ú Pacáiste Iarnróid de chuid an AE a chur i ngníomh.

Agus ár bhfeidhm á comhlíonadh againn, thug an Coimisiún faoi raon gníomhaíochtaí a bhain le comhfhoirmeacht, údarú le cur i mbun seribhíse, maoirseacht agus forfheidhmiú.

Go sonrach, eisíodh 15 litir údarúcháin maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le húdarú le cur i mbun seirbhíse. Rud ar leith gurbh fhiú a thabhairt faoi deara ab ea an t-údarú oibriúcháin eatramhach i ndáil le bonneagar Traschathrach LUAS. Bhí an-chuid idirchaidrimh ann idir an CRI agus BB-IÉ agus GI-IÉ freisin i ndáil le measúnacht ar chomhfhoirmeacht chun deimhniú agus údarú a atheisiúnt, a bhí le teacht i mí an Mhárta 2018. Cuireadh ocht n-iniúchóireacht i gcrích rud a d'fhág gur aithníodh 15 chás mionchúiseach nár comhlíonadh rialacháin srl. ina leith agus thairis sin gur iarradh ar eagraíochtaí éagsúla iarnróid 42 gníomh a dhéanamh. Cuireadh 79 cigireacht ar eagraíochtaí iarnróid i gcrích freisin. B'éigean forfheidhmiú foirmiúil i bhfoirm Phlean nó Fógra Feabhsúcháin tar éis iniúchóireachta nó cigireachta in 8 gcás.



# TUAIRISC ÓN GCOIMISINÉIR CHUIG AN AIRE IOMPAIR, TURASÓIREACHTA, AGUS SPÓIRT

Is ábhar suntais an méadú leanúnach atá ag teacht ar líon na dturas a dhéanann paisinéirí ar iarnród trom agus éadrom. In 2017, bhí méadú istigh agus amuigh ar 6% ar úsáid na n-iarnród trom agus 10% ar úsáid na n-iarnród éadrom, rud is ionann agus 83.1 milliún turas ag paisinéirí in 2017.

Ba é €2.23m an maoiniúchán iomlán d'fheidhmeanna an Choimisiúin in 2017. Leanann an Coimisiún ar aghaidh le bheith ag fáil fhormhór a chuid maoiniúcháin tríd an tobhach bliantúil a chuireann an CRI ar na haonáin atá faoi réir rialála (€1.61m) agus faightear an iarmhéid mar Dheontas i gCabhair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€0.62m). Leithdháiltear an tobhach ar bhonn leibhéal an údaraithe nó maoirseachta a dhéanfar ar gach aonán sa bhliain sin. Ní raibh ar an gCoimisiún an tobhach seo a mhéadú le blianta beaga anuas agus b'amhlaidh an cás arís in 2017.

Déanann an Coimisiún feidhmeanna maoirseachta agus forfheidhmiúcháin le béim ar thacaíocht, comhairle, spreagadh agus ordú nuair is gá.

Fuair an CRI 58 uiríoll a bhain le raon saincheisteanna bonneagair agus oibriúcháin ar na hiarnróid troma agus éadroma, agus gníomhaíodh i leith na n-uiríoll ar fad.

Cé nach neamhghnách beagán teannais a bheith ann idir rialtóirí agus na haonáin faoi réir rialála, rinneadh tagairt i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin 2016 do theannas a tháinig chun cinn sa chaidreamh oibre idir an CRI mar rialtóir agus IÉ mar aonán faoi réir rialála. De thoradh na ngníomhartha in 2016 mar a tugadh le fios i dtuarascáil na bliana sin, tháinig "tuiscint níos fearr agus feasacht níos mó ar nithe a bhí ina n-údar buairimh ó thaobh na sábháilteachta don CRI ar leibhéal an Bhoird, a thugann le fios go mbeidh dearcadh níos dearfaí ann". Bhí idirchaidreamh rialála leanúnach fairsing ann idir an CRI agus IÉ i gcaitheamh 2017 i gcomhthéacs na maoirseachta agus céimeanna tosaigh d'Údarú BB-IÉ agus de Dheimhniú GI-IÉ. Lean an dul chun cinn, a bhí dearfach ar an iomlán agus déanta faoi dheireadh 2016, ar aghaidh agus tá sin le feiceáil arís ag deireadh 2017.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí iarnróid tuairisc sábháilteachta bhliantúil a chur faoi bhráid an CRI faoin 30ú Meitheamh gach bliain maidir leis an mbliain roimhe. D'fhoilsigh an CRI a fhoilseachán Feidhmíocht Iarnróid ó thaobh na Sábháilteachta in Éirinn i gcomhair 2016 in 2017 agus foilsíodh sin ar shuíomh idirlín an CRI www.crr.ie.

Tá an CRI ina bhall den Chomhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta (IRSC) agus mar a tuairiscíodh roimhe tá an Coimisiún le comhdháil bhliantúil na Comhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta a óstáil i mí Dheireadh Fómhair 2018. Cuireadh an téama do chomhdháil na hÉireann "Cultúr Eagraíochta ar Mór leis an tSábháilteacht" i láthair na Comhairle ag comhdháil 2017 agus glacadh leis an téarma a bhí beartaithe don chomhdháil.

Toisc go ndeachaigh léas ar an gcóiríocht oifige a bhí ag an gCoimisiún roimhe in éag in 2017, foinsíodh áitreabh nua.

Braitheann aon eagraíocht go huile is go hiomlán ar cháilíocht agus phroifisiúntacht a fhoirne dá rath agus don mhéid a bhaineann sé amach. Ba mhaith linn mar sin ár mbuíochas a thabhairt do gach ball d'fhoireann an CRI as ucht a gcuid tiomantais agus oibre crua leanúnaí i gcaitheamh na bliana.

**Brian Higgisson**
Coimsinéir

**Mary Molloy**
Leas-Choimisinéir

# FOIREANN BAINISTEOIREACHTA




**Coimisinéir**


**Príomhchigire- Údarú le Cur i mBun** Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht

**Príomhchigire –** Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú.

**Príomhchigire –** Comhchuibhiú Eorpach agus Reachtaíochta

**Ceannaire Rialachais Chorparáidigh agus Rialála**

# CAIRT EAGRÚCHÁIN




*Tábla 1 - CRI Cairt Eagrúcháin*

## RÓL AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Iarnróid an 1ú Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (RSA) 2005. I gcomhthéacs na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (Treoir ón AE 2004/49/CE), faoi mar atá léirithe in I.R. Uimh. 444 de 2013, is é an CRI an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann. Is é an ghníomhaireacht rialála neamhspleách ar a bhfuil sé curtha de dhualgas maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-eagraíochtaí iarnróid troma agus éadroma a sholáthair níos mó ná 80 milliún turas do phaisinéirí sa Stát in 2017.

Ceanglaítear ar an CRI a chinntiú go dtuigeann agus go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát an riosca ó thaobh na sábháilteachta a bhaineann lena cuid oibriúchán go héifeachtach. Baintear é sin amach ar thrí bhealach:

- Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht – Is éard a bhíonn i gceist leis seo Córais Bhainistíochta Sábháilteachta (CBS) eagraíochtaí iarnróid a mheasúnú lena chinntiú go gcomhlíonann siad gach ceanglas sula mbronnfar údarú ó thaobh na sábháilteachta de nó deimhnithe sábháilteachta orthu.
- Údarú le Cur i mBun Seirbhíse (APIS) – Is éard a bhíonn i gceist leis seo iarratais APIS a mheasúnú le haghaidh bonneagar iarnróid, trealaimh comharthaíochta agus rialaithe orduithe, trealaimh soláthair leictreachais agus rothstoic, atá nua nó athraithe go suntasach, de réir forálacha Náisiúnta agus an AE.
- Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú – Is éard a bhíonn i gceist leis seo iniúchóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar an mbealach a chomhlíontar na nósanna imeachta agus na caighdeáin arna bhforordú i ngach CBS dá gceadaítear i measúnacht ar chomhfhoirmeacht, cigireacht a dhéanamh ar shócmhainní iarnróid le measúnú an bhfuil critéir, maidir lena oiriúnaí atá atá siad dá gcuspóir, á gcomhlíonadh, chomh maith le cinntiú go mbíonn moltaí ó thaobh na sábháilteachta de á gcomhlíonadh trí mhonatóireacht a dhéanamh ar phleananna leis na moltaí sin a chur i ngníomh agus trí imeachtaí forfheidhmiúcháin a thionscnamh i gcás gur gá.
- Aonán i gCeannas ar Chothabháil – Ag soláthar deimhnithe agus faireachais bhliantúil ar aonáin atá i gceannas ar chothabháil in Éirinn de réir Rialachán Choimisiún an AE 445/2011
- Comhchuibhiú Eorpach & Reachtaíochta – Ag tacú le reachtaíocht a chomhchuibhiú le Treoracha agus Rialacháin ón Eoraip, agus ag cinntiú go mbeidh an bealach, ina chuirfear bearta gaolmhara teicniúla agus bearta gaolmhara maidir le nósanna imeachta i ngníomh dá bharr, ag teacht le ceanglais éigeantacha Eorpacha.

Ó thaobh na Treorach ón Eoraip 2012/34/AE, faoi mar atá léirithe in I.R. Uimh. 249 de 2015, is é an CRI an Comhlacht Rialála, an tÚdarás Ceadúnúcháin agus an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách don earnáil iarnróid throim sa Stát. Sa chomhthéacs seo tá na feidhmeanna rialála breise seo a leanas aige:

- Gnóthais Iarnróid a Cheadúnú i gcás gur mian leo teacht ar an líonra;
- Monatóireacht Neamhspleách ar an gConradh Ilbhliantúil atá idir an tAire agus an Bainisteoir Bonneagair;
- Maoirseacht ar an réimeas maidir le leithdháileadh agus praghsáil rochtana ar rianta Iarnród Éireann agus breithniú ar achomhairc ó Ghnóthais Iarnróid

Is é an CRI an tÚdarás Inniúil freisin a ainmníodh:

- Le haghaidh iompar earraí contúirteacha ar iarnród ag comhlíonadh I.R. 651 de 2010
- Le haghaidh bealaí cáblaí faoi I.R. Uimh. 766 de 2007 a bhaineann le suiteálacha a dearadh chun daoine a iompar.
- Chun críocha I.R. 399 de na Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010.

## AONÁIN FAOI RÉIR RIALÁLA

Féadfaidh na haonáin seo a leanas a bheith faoi réir a rialála ag an CRI:

Bainisteoir bonneagair Iarnród Éireann, Iarnród Éireann – Eagraíocht Iarnróid, *Transdev, Balfour Beatty Rail Ireland Teoranta, NIR Translink*, Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Bord na Móna, *Belmont Grand Hibernian, Railway Preservation Society of Ireland*, Iarnróid Oidhreachta agus Comhairle Contae Chorcaí (Bealach Cábla).

## LÍON NA BPAISINÉIRÍ

**Iarnród Éireann**

Chonacthas fás leanúnach ar líonra iarnróid Iarnród Éireann in 2017 agus 45.5 milliún turas déanta ag paisinéirí, arb ionann sin agus méadú istigh agus amuigh ar 6% agus na huimhreacha ag filleadh ar na buaicleibhéil a chonacthas siar in 2006-8.

**LUAS (Transdev)**

Chonacthas fás leanúnach in 2017 ar líonra iarnróid éadroim LUAS freisin agus 37.6 milliún turas déanta ag paisinéirí, arb ionann sin agus méadú istigh agus amuigh ar 10% ar 2016. Agus LUAS Traschathrach (Síneadh na Líne Glaise) ag oscailt i mí na Nollag 2017, táthar ag súil leis go leanfaidh an fás ar aghaidh.

Soláthraítear treochtaí maidir le turais phaisinéirí in Aguisín 1.

## STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID

D'fhoilsigh an Coimisiún a Ráiteas Straitéise reatha i mí Mheithimh 2015. Soláthraíonn sé seo an misean, an fhís agus na príomhchuspóirí don Choimisiún um Rialáil Iarnróid idir 2015 – 2017.

**Misean:** Sábháilteacht na n-iarnród a chur chun cinn.

**Fís:** Iarnróid a sheachadann go sábháilte.

**Cuspóirí:**

- ábháilteacht: go reáchtáiltear gníomhaíochtaí iarnróid ar fud an Stáit agus tús áite á tabhairt don tsábháilteacht;
- Comhlíonadh: go gcomhlíonann eagraíochtaí iarnróid ceanglais dlíthe náisiúnta agus an AE;
- Rochtain Oscailte: go soláthraítear rochtain ar an líonra iarnróid ar bhealach cothrom trédhear cach; agus
- Feidhmíocht & Inbhuanaitheacht: go seachadann Bainisteoir(í) Bonneagair acmhainn inbhua naithe iarnróid agus luach eacnamaíoch don Stát.



# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE – ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMHFHOIRMEACHT

## ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE (APIS)

Tá an ceanglas go bhfeidhmeoidh an CRI Údarú le Cur i mBun Seirbhíse ar chórais iarnróid sainordaithe ag an AE agus i Reachtaíocht Náisiúnta. Is iad seo príomhcheanglais dlíthiúil an AE, an Treoir maidir le hIdir-Inoibritheacht 2008/57/CE (IOD), an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid (RSD) 2004/49/CE agus an comh-mhodh sábháilteachta don mheastóireacht agus measúnacht ar rioscaí AE/402/2013. Rialaítear ceanglais náisiúnta leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Is infheidhme ceanglais náisiúnta agus an AE maidir leis an gcóras iarnróid trom ach ní infheidhme ach ceanglais náisiúnta maidir le córas iarnróid éadroim LUAS.

Tá sé ina réamhriachtanas na ceanglais bhunriachtanacha a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn III IOD le haghaidh APIS. Tá I.S. EN 50126 – mar is infheidhme maidir le hiarnróid - mar bhonn agus mar thaca le ceanglais an CRI – sonrú agus léiriú iontaofachta, infhaighteacht, in-chothabháltacht agus sábháilteacht. Bainistítear seo tríd an gcóras saolré ar a dtugtar an V-cycle. Tá dhá thimthriall déag ag V-cycle– i) Coincheap, ii) Sainmhíniú an Chórais agus Coinníollacha a Fheidhmithe, iii) Anailís ar Rioscaí, iv) Ceanglais Sábháilteachta, v) Cionnroinnt Riachtanais an Chórais, vi) Dearadh agus Cur i nGníomh, vii) Déanamh, viii) Suiteáil, ix) Bailíochtú an Chórais, x) Glacadh an Chórais, xi) Oibriú agus Cothabháil and xii) Díchoimisiúnú. Tá treoir an CRI RSC-G-009 agus RSC-G-032 deartha de réir an V-cycle agus tá sé Chéim i gceist. Is iad seo a leanas na céimeanna:

**Céim 1** – Coincheap (V-cycle i)
**Céim 2** – Dearadh Tosaigh (V-cycle ii agus iii)
**Céim 3** – Dearadh Mionsonraithe (V-cycle iv, v, vi agus vii)
**Céim 4** – Tástáil (V-cycle viii agus ix)
**Céim 5** – Oibriú Eatramhach (V-cycle x, xi agus xii)
**Céim 6** – Oibriú Seirbhíse (V-cycle x, xi agus xii)

*Céim is ea Céim Oibriú Eatramhach a 5 nuair a bhíonn sábháilteacht córais cruthaithe ach nach bhfuil an fhianaise ar fad maidir leis na ceanglais shainráite agus an páipéarachas riaracháin gaolmhar ar fáil.*

## APIS - BONNEAGAR

### LUAS Traschathrach (LCC)

Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag bualadh le Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), Transdev agus an Conraitheoir i ndáil le LUAS Traschathrach (LCC) i gcaitheamh na bliana. In 2017 d'eisigh an CRI Litreacha Inglacthachta (LoA) i gcomhair na gcéimeanna seo a leanas den phróiseas Údarú le Cur i mBun Seirbhíse (APIS):

- Céim 3 – dearadh mionsonraithe,
- Céim 4 – tástáil, agus
- Céim 5 – oibriú eatramhach.

Rinneadh iarratas ar LoA Chéim 3 do BIÉ agus eisíodh chuig BIÉ é, a bhí ina thaiscéanach sócmhainní agus iarratais á ndéanamh ar LoAnna ina dhiaidh, a eisíodh chuig Transdev, oibreoir LUAS. Rinneadh tástáil ar bhonneagar LUAS Traschathrach i gcaitheamh shamhradh 2017. Tar éis gur éirigh leis an obair le tástáil LCC a chur i gcrích, rinne Transdev iarratas chuig an CRI le húdarú a fháil chun LCC a oibriú. Dheonaigh an CRI APIS Chéim 5 (Oibriú Eatramhach) i leith LCC, an 7ú Nollaig 2017. San áireamh le gníomhaíochtaí, atá le cur i gcrích sular féidir LoA Chéim 6 Oibriú Seirbhíse a eisiúint, áirítear tagairtí i gcáipéisí sábháilteachta a chur i gcrích agus uasdátú ar lámhleabhar Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Transdev.

### Droichid

In 2017 d'eisigh an CRI roinnt LoAnna chuig Bainisteoir Bonneagar-IÉ i ndáil le tionscadail nua droichid.

Ba iad seo a leanas na tionscadail:

LoA i gcomhair seirbhíse service, céim 6

- Tardhroichead ag 116míle 160slat Líne Bhaile Átha Cliath go Gaillimh
- Tardhroichead do Choisithe ag 2mhíle 635slat Ghabhal Newcomen Líne Bhaile Átha Cliath go Sligeach
- Tardhroichead ag 1mhíle 300slat Líne Thuama go Clár Chlainne Mhuiris

LoA i gcomhair dearadh mionsonraithe, céim 3

- Tardhroichead Nua ar Bhóthar ag 149míle 115slat Líne Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart
- Tardhroichead Nua ar Bhóthar ag 152 míle 1100 slat Líne Bhaile Átha Luain go Cathair na Mart

### Bealaí Cáblaí

Choinnigh an CRI, mar an tÚdarás Inniúil do Bhealaí Cáblaí faoi I.R. Uimh. 766 de 2007, a ról maidir le Carr Cábla Oileán Baoi. Lean an CRI ar aghaidh le bheith ag obair leis an sealbhóir dualgais, Comhairle Contae Chorcaí, i gcaitheamh 2017, lena n-áirítear cruinniú le Comhairle Contae Chorcaí chun pleananna amach anseo don bhealach cábla a phlé agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hathruithe ar reachtaíocht.

## APIS - Comharthaíocht agus Teileachumarsáid

### Tionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach (CCRP)

Déantar socruithe leis an tionscadal seo le haghaidh idirachair chomharthaíochta laghdaithe (an t-am idir dhá thraein ag dul seachad ar an áit chéanna ar líne iarnróid agus próifíl luasa sainmhínithe i gceist) chomh maith le seirbhísí breise amach anseo i Lár na Cathrach agus conair na Líne Thuaidh. Tá an tionscadal á chur i ngníomh ina cheithre chéimeanna.

Clúdaítear le Céim 1 an limistéar idir Mullach Íde / Binn Éadair agus Cill Easra. Ag céim 6, eisíodh LoA oibriú seirbhíse (faomhadh iomlán) i mí na Bealtaine. Clúdaítear le Céim 3 an limistéar ó Shráid na Teamhrach chuig Dumhach Thrá. Eisíodh LoA oibriú eatramhach, síneadh ar chéim 5, don chéim seo i mí na Bealtaine tar éis iarratais ó BB-IÉ. Iarradh an síneadh go mbeifí in ann roinnt gníomhaíochtaí iarchoimisiúnaithe a chur i gcrích. San áireamh leis sin bhí ceartuithe beaga ar cháipéisí, leasuithe ar lámhleabhair, faisnéisithe do bhaill foirne agus líníochtaí 'mar a thógfar' a chur i gcrích.

Clúdaítear le Céim 2 an limistéar ó Chill Easra chuig an bPort Thoir agus clúdaítear le Céim 4 limistéar stáisiún Uí Chonghaile. Tugadh oibreacha cumasúcháin le haghaidh Chéim 2 chun cinn i rith 2017. Tá sé i gceist go dtarlóidh coimisiúnú Chéim 2 agus Chéim 4 ag an am céanna. Eisíodh LoA maidir le dearadh mionsonraithe Chéim 3, le haghaidh Chéim 4 i mí na Bealtaine.

### Córas Uilíoch don Chumarsáid So-Ghluaiste - Iarnród (GSM-R) Céim 1

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo GSM-R a chur in ionad an chórais raidió analógaigh, a úsáidtear chun cumarsáid dhíreach a sholáthar idir tiománaithe traenach agus lucht rialaithe na gcomharthaí/rialtóirí.

Is éard atá i gceist le Céim 1 raidiónna cábáin, a bheidh oiriúnach do GSM-R, a chur isteach i bhflít an DART, agus bonnstáisiúin agus aeróga GSM-R 1 ar feadh bhealach an DART agus oibreacha gaolmhara ag an Lárionad Rialaithe Tráchta ag Stáisiún Uí Chonghaile. Eisíodh síneadh ar LoA chéim 5 (a eisíodh in 2016) i mí Mheitheamh).

**Córas Hibrideach Iarnród Éireann (Córas cosanta traenach IEHS)**

Lean an CRI ar aghaidh leis an idirchaidreamh le BB-IÉ i rith 2017 maidir le dearadh teicniúil chóras IEHS. De thoradh an idirchaidrimh seo, sonraíodh saincheisteanna móra teicniúla arbh éigean a réiteach. Chuir BB-IÉ iarratas eile ar Dhearadh Mionsonraithe faoi bhráid an CRI i mí Mheithimh. Tá saincheisteanna maidir le dearadh ina údar imní fós agus lean idirchaidrimh an CRI le BB-IÉ ar aghaidh i rith mhí Lúnasa, Dheireadh Fómhair agus na Nollag agus isteach in 2018.

Tá córas cosanta traenach IEHS ina tháirge a rachaidh in ionad an Chórais Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnaigh agus na gcórais Uathoibríocha Chosanta Traenach a bhí ann cheana. Is éard atá i gceist leis an gcéad chéim den tionscadal dearadh na fréamhshamhla agus an trealamh gaolmhar do na raonta a shuiteáil ar thrí chineálacha traenacha. Céim níos déanaí a bheidh i gceist leis sin a chur i bhfeidhm ar feadh an líonra ar fad.

## APIS – Rothstoc

**Traein Turasóirí an Belmond Grand Hibernian**

Chuaigh Traein Turasóirí an Belmond Grand Hibernian i mbun feidhme i mí Lúnasa 2016 faoi LoA seirbhíse eatramhach chéim 5. I mí Aibreáin 2017, rinne GI-IÉ mar an tOibreoir, i gcomhoibriú le Coimeádaí an rothstoic, Ireland Luxury Rail Tours Teoranta, iarratas ar oibriú seirbhíse Chéim 6. Eisíodh LoA oibriú seirbhíse chéim 6 (faomhadh iomlán) i mí Aibreáin 2017.

**Inneal Ar-Na-Raonta – Feithicil Ilfheidhme (MPV)**

In 2017 rinne BB-IÉ iarratas chéim 1 chun a bhfeithicil ilfheidhme (MPV), Cineál Geismar VMB2014, a uasghrádú go mbeadh cumraíocht ina cuid de le fiailí a spraeáil. Eisíodh LoA coincheap chéim 1 i mí na Samhna don iarratas sin.

**Tramanna Citadis 502**

Tram 54.7m atá sa Citadis 502 a bhfuil sé de chumas ann 380 paisinéar a iompar i gcomparáid le tram Citadis 402 atá 43.6m ar a fhad agus ar féidir leis 320 paisinéar a iompar. I rith 2017, thug BIÉ a n-aighneachtaí ar aghaidh le faomhadh a fháil don dearadh le haghaidh tramanna nua Citadis 502 le hoibriú ar líonra iarnróid éadroimh LUAS Bhaile Átha Cliath. Rinneadh iarratas ar dhearadh mionsonraithe, chéim 3, i mí na Samhna agus eisíodh LoA sa mhí chéanna.

**Iarnróid Oidhreachta**

Rinne Páirc Oidhreachta agus Fionnachtana Loilíoch Mór, a fuair deimhniú bainistíochta sábháilteachta mar iarnród oidhreachta iargúlta in 2016, iarratas ar mheasúnacht ar rothstoc nua le haghaidh dhá ghluaisteoir agus carráiste ina raobh 40 suíochán. Rinneadh an t-iarratas de réir CRR-G-036-A, Treoirlíne don Mheasúnacht Sábháilteachta ar Rothstoc Nua d'iarnród oidhreachta, iarsmalainne nó d'iarnród turasóirí a oibríonn ar a líonra féin, lena n-áirítear ceardlanna, feithiclí agus baill foirne. Eisíodh litir ghlacthachta le haghaidh oibriúcháin i mí Dheireadh Fómhair 2017.

**Aonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM)**

Sainordaítear ceanglais maidir le haonáin i gceannas ar chothabháil leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid. Sannfar aonán i gceannas ar chothabháil do gach feithicil sula gcuirfear i mbun seirbhíse í nó sula n-úsáidtear ar an líonra í agus i gcás vaigíní lastais, caithfidh an t-aonán sin a bheith deimhnithe. Caithfidh vaigíní lastais a oibríonn san Eoraip a bheith á gcothabháil le ECM deimhnithe de réir Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh 445/2011. Sa chomhthéacs seo, soláthraíonn an CRI deimhniú agus faireachas bliantúil in Éirinn agus tá treoir infheidhmithe, CRR-G-027, táirgthe agus foilsithe ar shuíomh idirlín an CRI.

Fuair GI-IÉ Deimhniú ECM ón CRI in 2013 le haghaidh lastais. I mí an Mhárta 2017, rinne an CRI iniúchóireacht faireachais 4 bliana ar ECM Lastais GI-IÉ. Níor sonraíodh aon neamh-chomhfhoirmeachtaí criticiúla.

| | Coincheap | Dearadh Tosaigh | Dearadh Mionsonraithe | T & C | Oibriú Eatramhach | Seirbhís |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Céimeanna APIS | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| **Bonneagar** | | | | | | |
| LUAS Traschathrach | | | √ | √ | √ | |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath/na Gaillimhe | | | | | | √ |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha /Shligigh | | | | | | √ |
| Tardhroichead – Líne Thuama/ Chlár Chlainne Mhuiris | | | | | | √ |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Átha Luain/Chathair na Mart | | | √ | | | |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Átha Luain/Chathair na Mart | | | √ | | | |
| CCRP – Céim 1 | | | | | | √ |
| CCRP – Céim 3 | | | | | √ | |
| CCRP – Céim 4 | | | √ | | | |
| GSM-R Céim 1 | | | | | √ | |
| | | | | | | |
| **Rothstoc** | | | | | | |
| Traein Turasóirí Belmond Grand Hibernian | | | | | | √ |
| Inneall Ar Na Rianta – MPV | √ | | | | | |
| Tram Citidas 502 | | | √ | | | |

*Tábla 1 – Litreacha 'Údarú le Cur i mBun Seirbhíse' a eisíodh in 2017.*



## MEASÚNACHT AR CHOMHFHOIRMEACHT

Déantar Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Tugtar mionsonraí ar chritéir shonracha le comhfhoirmeacht a mheasúnú i Rialachán ón AE 1158/2010 Deimhniú Sábháilteachta agus Rialachán ón AE 1169/2010 Údarú Sábháilteachta.

Rachaidh an Deimhniú Sábháilteachta reatha agus an tÚdarú Sábháilteachta ar feadh cúig bliana ag GI-IÉ agus ag BB-IÉ faoi seach in éag ag deireadh 2018. I mí Mheán Fómhair 2017, reáchtáil an CRI cruinnithe tosaigh ar leithligh le GI-IÉ agus le BB-IÉ chun athdheimhniú/athúdarú a phlé. Tar éis sin, fuair an CRI aighneachtaí tosaigh de chaighdeáin uasdátaithe a bheadh riachtanach don mheasúnacht athnuaite ar chomhfhoirmeacht. Bhí idirchaidreamh fairsing idir an CRI agus BB-IÉ agus ag GI-IÉ le linn na dtrí mhí dheiridh de 2017 i ndáil leis na caighdeáin a cuireadh faoina bhráid.

## TIOMÁNAITHE TRAENACH A CHEADÚNÚ

The CRR is the competent authority for the purposes on S.I. 399 of 2010 European Communities (Train Drivers Certification) Regulations 2010. As from 29th October 2018, all train drivers must hold a valid Licence to drive on the network. During 2017, the CRR met with IÉ-RU and Balfour Beatty Rail Ireland to agree plans and procedures for submission of Licence applications. It is expected that these applications will be made during the first half of 2018, so that all Licences will be in place before the indicated compliance date.

## GNÓTHAIS IARNRÓID A CHEADÚNÚ

Mar an t-údarás ceadúnúcháin ainmnithe faoi I.R. 240 de 2015, níor ceanglaíodh ar an CRI tabhairt faoi aon ghníomhaíocht in 2017.




# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE – MAOIRSEACHT AR CHOMHLÍONADH AGUS FORFHEIDHMIÚ

## MAOIRSEACHT & FORFHEIDHMIÚ

Ceanglaítear ar an CRI cinntiú go mbainistíonn gach eagraíocht iarnróid a oibríonn sa stát na rioscaí don tsábháilteacht a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí go héifeachtach. Chun sin a bhaint amach, forbraíonn an CRI pleannana maoirseachta ilbhliantúla agus/nó bliantúla do gach eagraíocht iarnróid a fheidhmíonn sa Stát. Áirítear leis na pleananna maoirseachta: cruinnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta le feidhmeannaigh sinsearacha cuideachtaí; iniúchóireacht ar mar a chomhlíonann eagraíochtaí iarnróid a gcuid córas bainistíochta sábháilteachta faoi seach arb iad bunús a ndeimhnithe nó a n-údaraithe iad; ag tabhairt faoi chigireacht shamplach ar shócmhainní lena chinntiú go n-oireann siad dá bhfeidhm. Lena chois sin, bíonn an CRR ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí frithghníomhacha cosúil le bheith ag leanúint le tionóiscí, eachtraí, tarlúintí contúirteacha, nó uirill ón bpobal nó ó thríú páirtí eile.

Bíonn pleananna maoirseachta bunaithe ar rioscaí agus úsáidtear an fhaisnéis seo a leanas chun eolas a thabhairt faoin riosca coibhneasach agus faoin acmhainn mhaoirseachta chuí atá le feidhmiú:

- Feidhmíocht eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta
- Gníomhaíochtaí agus aschuir mhaoirseachta ón gcéanna ag an CRI roimhe;
- Breithiúnas gairmiúil an CRI bunaithe ar thaithí an Chigire;
- Buairimh an tionscail ó thaobh na sábháilteachta, a thagann chun cinn de thoradh tionóiscí agus eachtraí iarnróid, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- Gearáin agus uiríll ag, nó thar ceann ball foirne, paisinéirí nó páirtithe a bhí thíos leis; agus
- Monatóireacht fhrithghníomhach, lena n-áirítear cigireacht iar-eachtra le féachaint ar comhlíonadh nósanna imeachta.

Caithfidh an CRI comhréireacht a fheidhmiú agus mar sin cuirtear fachtóirí éagsúla a chur san áireamh sna pleananna cosúil le méid agus castacht na heagraíochta iarnróid. Go bunúsach, dá nochtaithe do rioscaí a bhíonn eagraíocht iarnróid is ea is mó maoirseachta is féidir leo a bheith ag súil le déanamh orthu.

Cuirtear forléargas ar ghníomhaíocht mhaoirseachta an CRI i gcomhair 2017 i láthair sna fo-chodanna seo a leanas.

## INIÚCHÓIREACHT AR CHOMHLÍONADH (MAOIRSEACHT RÉAMHGHNÍOMHACH)

Thionscain an CRI na hiniúchóireachtaí i rith 2017 a liostaítear sa tábla seo a leanas:

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Rinneadh |
|---|---|---|
| Transdev | Faisnéis atá Criticiúil don tSábháilteacht a Bhainistiú | Feabhra 2017 |
| BBRI | Athbhreithniú Bainistíochta Staitéiseach agus Comparáid le hEagraíocht Ard-Intaofachta | Bealtaine 2017 |
| BB-IÉ | Iniúchóireacht ar sholáthar Comhchodanna atá Criticiúil don tSábháilteacht | Deireadh Fómhair 2017 |
| GI-IÉ | Iniúchóireacht ar STMA ar Dhaoine a bhíonn i mbun Dualgas oibriúcháin | Samhain 2017 |
| GI-IÉ | Iniúchóireacht ar Bhainistiú an Riosca maidir le Seachródú | Nollaig 2017 |

*Tábla 2: Iniúchóireachtaí a rinne an CRI in 2017*

As measc na n-iniúchóireachtaí thuas, tugadh an chéad trí chinn chun críche in 2017. Lena chois sin, thug an CRI cúig iniúchóireacht, a tionscnaíodh sa chuid deiridh de 2016, chun críche. Táirgeadh torthaí le gach ceann de na hiniúchóireachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar nithe a tháinig as fíricí a tháinig chun cinn i rith na n iniúchóireachtaí. Cuireann cigirí an CRI na torthaí seo i gcatagóirí ag brath ar an riosca a bhaineann leo. Úsáideann Cigirí an CRI an córas aicmithe seo a leanas le haghaidh na dtorthaí seo.

**Neamh-chomhlíonadh - Cás Tromchúiseach (MaNC):** réimse nár comhlíonadh caighdeán inmheánach de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise gur cliseadh ar an gcóras.

**Neamh-chomhlíonadh - Cás Mionchúiseach (miNC):** réimse nár comhlíonadh caighdeáin inmheánacha de chuid IÉ, caighdeán seachtrach infheidhmithe, nó reachtaíocht, ina leith agus atá ina fhianaise go ndeachaigh an próiseas le córas a chur i bhfeidhm i léig anois is arís nó gur chlaon an próiseas ó chóras.

**Gníomh Riachtanach (AR):** réimse mar a bhféadfadh sé tarlú nach gcomhlíonfaí caighdeán srl. ina leith ach amháin sa chás go ndéanfar gníomh leasúcháin nó feabhsú, earáid aonraithe ar éigean a cheartú, nó saincheist eile mar, dar leis an iniúchóir, a bhfuil gníomh riachtanach.

**Scóip le haghaidh feabhsaithe (SFI):** réimse a cuireadh chun solais mar, dar leis an Iniúchóir, gur féidir leis an gcuideachta feabhsú ar an gcóras nó ó thaobh gnó a bhaint amach. Moladh a bhíonn i gceist leis seo de ghnáth, ar chóir don eagraíocht iniúchta cinneadh a dhéanamh i leith fhiúntas an mholta agus an bealach lena chur i ngníomh.

**Dea-Chleachtas (GP):** réimse a chuirtear chun solais i gcás, dar leis an Iniúchóir, atá ina dhea-chleachtas laistigh den tionscal.

**Conair Iniúchóireachta (AT):** réimse ar chóir tuilleadh aire a thabhairt air, dar leis an iniúchóir, trína chur isteach sa chlár le haghaidh iniúchóireachtaí amach anseo (ach ní gá gur mír d'iniúchóireacht seachtrach a bheadh ann) nó trí mhodh éigin eile.

Tugtar tuilleadh mionsonraí ar thorthaí iniúchóireachta sna táblaí thíos.



| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Tromchúise-ach | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Mionchúise-ach | Gníomh Riachtanach |
|---|---|---|---|---|
| BBRI | Tuairisc Iniúchóireachta Iarscríbhinn II – Critéar S | 0 | 0 | 5 |
| Transdev | Athbhreithniú Bainistíochta Straitéisí & Comparáid le hEagraíocht Ard-In-taofachta | 0 | 3 | 5 |
| BB-Iarnród Éireann | Mar a bhainistítear na Rianta | 0 | 1 | 11 |
| GI-Iarnród Éireann | Iniúchóireacht de réir 'Sliosa Ingeara-igh' ar Chóras Bainistíochta Sábháil-teachta Roinn na nOibríochtaí | 0 | 1 | 5 |
| BB-Iarnród Éireann | Iniúchóireacht de réir 'Sliosa Ingeara-igh' ar Chóras Bainistíochta Sábháil-teachta Oibríochtaí an Bhainisteora Bonneagair (IMO) | 0 | 4 | 6 |

*Tábla 3: Iniúchóireachtaí tionscanta in 2016 agus tugtha chun críche ag an CRI in 2017*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Tromchúise-ach | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Mionchúise-ach | Gníomh Ri-achtanach |
|---|---|---|---|---|
| BB - Iarnród Éireann | Iniúchóireacht ar sholáthar Comhchodanna atá Criticiúil don tSábháilteacht | 0 | 2 | 4 |
| Transdev | Faisnéis, atá Criticiúil don tSábháilteacht, a bhainistiú | 0 | 0 | 2 |
| BBRI | Athbhreithnniú Bainistíoch-ta Straitéisí & Comparáid le hEagraíocht Ard-intaofachta | 0 | 4 | 4 |

*Tábla 4: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche in 2017*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Iniúchóireacht Tionscanta |
|---|---|---|
| Iarnród Éireann - RU | Iniúchóireacht ar STMA ar Dhaoine a bhíonn i mbun Dualgas oibriúcháin | Samhain 2017 |
| Iarnród Éireann - RU | Iniúchóireacht ar Bhainistiú an Riosca maidir le Seachródú | Nollaig 2017 |

*Tábla 5: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh ach nár tugadh chun críche in 2017*

Do na hiniúchóireachtaí sin a tugadh chun críche in 2017, faoi mar a thugtar le fios i dtáblaí thuas, níor sonraíodh aon chásanna mórchúiseacha maidir le neamh-chomhlíonadh. I gcás gur thángthas, leis an iniúchóireacht, ar chásanna mionchúiseacha nár comhlíonadh an dlí agus/nó CBS ceadaithe ina leith, iarradh ar na heagraíochtaí iarnróid a bhí i gceist Plean Feabhsúcháin a chur isteach, de réir cheanglais Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid. I bhformhór mór na cásanna, tá na gníomhartha ceartaitheacha agus na coisc chomhaontaithe curtha i ngníomh cheana féin ag na heagraíochtaí iarnróid atá i gceist, nó tá siad i mbun an phróisis sin.

Bíonn Cigirí an CRI ag tuairisciú ar réimsí dea-chleachtais a aithnítear laistigh den tionscal freisin. Luaigh an CRI 30 mír dea-chleachtais dá leithéid in 2017 trasna roinnt eagraíochtaí iarnróid lena n áirítear:

- Tá córas tuairisceoireachta guaiseacha lorgtha go gníomhach agus curtha i ngníomh ag rannán IMO BB-IÉ chun cabhrú le baill den fhoireann atá scaipthe in áiteanna éagsúla.
- D'fhéach rannán IMO BB-IÉ le baill foirne a chur ar an eolas go réamhghníomhach faoi cheachtanna a foghlaimíodh agus faoi fhaisnéis i leith eachtraí idirnáisiúnta.
- Rith GI-IÉ comhdhálacha bliantúla sábháilteachta toisc go gcabhraíonn sé le próifíl na sábháilteachta laistigh den eagraíocht a ardú agus cabhraíonn sé le feasacht a chur chun cinn i measc na foirne ar shaincheisteanna reatha.
- Aithníodh go raibh tréithe ag Alstom (Conraitheoir Cothabhála Tram) atá ar aon dul le heagraíochtaí ard-iontaofachta.
- Thug Transdev a bhFeidhmchlár Seachadta Seirbhísí isteach a chuir ar a gcumas cur chuige éifeachtúil a bheith acu i leith tiománaithe a mheasúnú.
- Bhí cultúr láidir sábháilteachta BBRI le feiceáil ar gach leibhéal laistigh den eagraíocht agus chonacthas go raibh siad ag lorg faisnéise go gníomhach maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ina n-údar imní ó thaobh na sábháilteachta.

## CIGIREACHT IAR- EACHTRA (Maoirseacht Fhrithghníomhach ar Thionóiscí nó Eachtraí)

Feidhmíonn an CRI uainchlár lena bhfágtar go mbíonn Cigire ar fáil ar glao-dhualgas 24 uair in aghaidh an lae, 364 lá in aghaidh na bliana chun freagairt d'fhógra faoi eachtra. In 2017, fuair an CRI 53 fógra san iomlán agus d'fhreagair do roinnt díobh sin láithreach nó le linn na laethanta i ndiaidh an eachtra chun an an láithreán a scrúdú. Is le líonra IÉ a bhain tromlach na bhfógraí, 31, agus tharla 13 ar líonra LUAS, 3 a bhain le hInnill Ar Na Rianta de chuid BBRI, tharla 4 ag crosairí comhréidhe de chuid Bhord na Móna, 1 fabht Dorais ar thraein de chuid Iarnróid Thuaisceart Éireann agus 1 a bhain le traein de chuid Railway Preservation Society of Ireland.

Is brónach an scéal go raibh naoi dtarlúint mharfacha ar líonra IÉ i rith 2017 agus aon tarlúint mharfach amhain ar líonra LUAS. Tugann cúinsí seacht gcinn de na cásanna marfacha sin le fios gur cosúil gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas. Bhí roinnt mhaith eachtraí eile ann a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo freisin agus cúinsí beagán difriúil, lenar áiríodh:

- Bhuail traein duine in aice le stáisiún Mhullach Íde, 21ú Eanáir 2017
- Bhuail traein duine in aice le stáisiún Chluain Ghrífín, 1ú Aibreán 2017
- Bhuail traein duine in aice le Crosaire Comhréidh na Páirce ar an Líne ó Inis go Luimneach, 29ú Deireadh Fómhair 2017

Seachas na heachtraí sin inar tugadh le fios gur ghortaigh duine é nó í féin d'aon turas, rinneadh tuilleadh imscrúdaithe ar eachtraí a fógraíodh don CRI. In aon chás inar measadh go raibh an tsábháilteacht i mbaol, lorg an CRI na dearbhuithe riachtanacha go raibh bearta curtha i bhfeidhm ag an eagraíocht ábhartha leis na rioscaí a mhaolú.

## CIGIREACHT

Úsáidtear cigireacht ar shócmhainní agus/nó oibríochtaí eagraíochta iarnróid mar chuid de chóras maoirseachta ar chomhlíonadh freisin. In 2017, thug an CRI faoi 79 Cigireacht san iomlán lenar díríodh ar:

- Sócmhainní iarnróid le tagairt ar leith do rothstoc, stáisiúin, crosairí comhréidhe agus struchtúir eile, m.sh., droichid;
- Bainistíocht athruithe ag Iarnród Éireann
- Bainistíocht Imeachtaí (Transdev, agus an Railway Preservation Society of Ireland); agus
- Bonneagar, tramanna Iarnróid Éadroim agus monatóireacht ar oibreacha chomhéadan LUAS Traschathrach

Rinne an CRI cigireacht ar gach iarnród oidhreachta féinchoinnithe a bhí i mbun oibre i rith 2017 freisin.

Thapaigh Cigirí an CRI an deis le taisteal i gcábáin ghluaisteoirí agus charranna iarnróid de chuid Iarnród Éireann freisin leis na hoibríochtaí a mheasnúnú chomh maith leis an mbail a bhí ar an mbealach buan, agus tharla 20 measúnacht dá leithéid in 2017.

Tá torthaí uile na cigireachta seo ar fad á dtabhairt chun cinn ag an eagraíocht iarnróid atá i gceist, agus tá an CRI ag déanamh monatóireachta ar leigheasachán na saincheisteanna ar fad a bhaineann go criticiúil leis an tsábháilteacht.

## FORFHEIDHMIÚ

Tugann Alt 7 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 cumhachtaí leathana forfheidhmiúcháin don CRI. Tá cumhacht le Plean Feabhsúcháin a iarraidh ina gcuid de na cumhachtaí sin, chomh maith le cumhacht le Fógra Feabhsúcháin nó Fógra Toirmisc a sheirbheáil, agus má gá, iarratais chuig an Ard-Chúirt, agus tá an cumhacht ag an CRI Údarú Sábháilteachta nó Deimhniú Sábháilteachta a chúlghairm freisin. Agus an CRI ag baint leasa as a chuid cumhachtaí forfheidhmiúcháin, cuireann sé, cibé cás inar féidir, prionsabal na comhréire i bhfeidhm i gcás gurb é an aidhm úsáid á baint as na cumhachtaí cuí agus an CRI ag freagairt d'aon teip, nó ní ar cosúil gur teip atá ann, ag eagraíocht. Thionscain an CRI na bearta forfheidhmiúcháin seo a leanas in 2017:

Alt 76 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Plean Feabhsúcháin

2 Phlean Feabhsúcháin iarrtha tar éis iniúchóireachtaí:

- Iniúchóireacht an CRI ar Bhainistíocht Straitéiseach BBRI
- Iniúchóireacht an CRI ar mar a sholáthair roinn an Phríomhinnealtóra Sibhialta (Iarnród Éireann) Comhchodanna Criticiúla don tSábháilteacht

5 Phlean Feabhsúcháin iarrtha tar éis cigireachta:

- Cigireacht an CRI ar Iarnród Éireann – mar a bhainistigh Bonneagair (BB-IÉ) droichid atá so-ghabhálach ar sciodar
- Cigireacht an CRI ar Iarnród Éireann – monatóireacht inmheánach an Ghnóthais Iarnróid (GI-IÉ) ar iompar earraí contúirteacha
- Cigireacht an CRI ar mar a bhainistigh BB-IÉ droichid atá soghabhálach ar sciodar
- Cigireacht an CRI ar mar a bhainistigh BB-IÉ inniúlacht Daoine a gCeanglaítear orthu Dualgais Oibriúcháin BB a dhéanamh
- Cigireacht an CRI ar Iosta Cothabhálacha Traenacha Dhroichead Átha ag GI-IÉ

Alt 77 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 – Fógra Feabhsúcháin.

Seirbheáladh 1 Fhógra Feabhsúcháin agus 1 síneadh ar Fhógra reatha:

- tar éis gur theip ar Transdev alt 29(6) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid a chomhlíonadh, agus go sonrach i ndáil le clár comhairliúcháin a eascú d'fhostaithe.
- tar éis do shíneadh ama a bheith deonaithe don Fhógra Feabhsúcháin a seirbheáladh ar Iarnród Éireann, in 2016, maidir lena mbeartas Drugaí agus Alcóil.

Alt 78 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 - Fógra Toirmisc

- Níor seirbheáladh aon Fhógraí Toirmisc in 2017

## TORTHAÍ INIÚCHÓIREACHTA, CIGIREACHTA AGUS IAR-EACHTRA A CHUR I NGNÍOMH

Déanann an CRI monatóireacht ar mar a chuirtear gníomhartha ceartaitheacha i ngníomh ar bhonn leanúnach. Feidhmítear córas rabhaidh trí leibhéil chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na heagraíochta iarnróid i leith an próiseas a dhúnadh.

Soláthraítear miondealú mionsonraithe le haghaidh torthaí iniúchóireachta, torthaí cigireachta agus cigireachta iar-eachtra le haghaidh gach ceann de na príomheagraíochtaí iarnróid ó 2014 in Aguisín 2.

Maidir le Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta a dhéanann an tAonad um Imscrúdú ar Thionóiscí Iarnróid, cé go ndírítear iad ar an eagraíocht iarnróid atá i gceist, is don CRI a thugtar iad ar an gcéad dul síos. Tá sé d'fhreagracht ar an CRI a chinntiú go gcuirtear na moltaí ó thaobh na sábháilteachta a eisíonn an AITI san áireamh agus go ngníomhaíonn na heagraíochtaí iarnróid ina leith. Tá mionsonraí faoi stádas moltaí reatha ó thaobh na sábháilteachta arna n-eisiúint ag an AITI le fáil in Aguisín 3.

## CRUINNITHE MAOIRSEACHTA

Eilimint bhuntábhachtach de réimeas maoirseachta an CRI is ea cruinnithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta. Mar chuid de na cruinnithe seo, bíonn an CRI ag bualadh le feidhmeannaigh agus baill den fhoireann sábháilteachta ó na heagraíochtaí iarnróid éagsúla le hathbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ar bhonn leanúnach. San áireamh leis sin bíonn athbhreithniú críochnúil ar eachtraí le déanaí (tionóiscí tromchúiseacha, tionóiscí agus eachtraí), athbhreithniú ar tháscairí feidhmíochta na n-eagraíochtaí iarnróid ó thaobh na sábháilteachta, a mbainisteoireacht ar athruithe agus a dtiomantas don fheabhsú leanúnach. Tarlaíonn na cruinnithe seo freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar mar a chuirtear torthaí agus moltaí i ngníomh ó thaobh na sábháilteachta i dtuairiscí arna n eisiúint ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI).

Reáchtáladh 17 cruinniú chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta le heagraíochtaí iarnróid in 2017.

## EAGRAÍOCHTAÍ EILE IARNRÓID

Le cois Iarnród Éireann agus Transdev (Oibreoir LUAS), déanann an CRI maoirseacht ar na heagraíochtaí iarnróid seo a leanas freisin.

### Balfour Beatty Rail Ireland

Oibríonn agus cothabhálann Balfour Beatty Rail Ireland (BBRI) flít na n-Inneall Ar Raonta thar ceann Iarnród Éireann - Bonneagar. Is é cothabháil raonta a bpríomhghníomhaíocht, ag úsáid feithiclí iarnróid saindeartha, m.sh., tampar, ar traein shonrach atá ann a cheartaíonn/a fheabhsaíonn geoiméadracht raonta. Ní iompraíonn siad paisinéirí agus déantar formhór a gcuid oibre istoíche.

### Bord Na Móna

Is le Bord na Móna (BNM) iarnród tionscail nach beag a oibríonn siad chun móin a iompar. Déanann an CRI maoirseacht ar BNM i gcás go dteagmhaíonn a gcomhéadain iarnróid le bóithre poiblí, .i., ag crosairí comhréidhe agus droichid thar/faoin iarnród.

### Iarnróid Oidhreachta

Déanann an CRI monatóireacht ar oibríochtaí líon beag d'iarnróid oidhreachta féinchoinnithe. In 2017 bhí na hiarnróid oidhreachta seo a leanas i mbun feidhme agus faoi réir maoirseachta.

- Iarnród Loch Dhuibhlinne, Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún na nGall
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta, Co. Dhún na nGall
- Traein Aonráille Lartigue Lios Tuathail, Co. Chiarraí
- Iarnród Ghleann Phort Láirge agus na Siúire (W&SVR)
- Irish Steam Preservation Society, Sráidbhaile, Co. Laoise
- Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teoranta, Co. Chill Dara.

Tá liosta d'iarnróid oidhreachta in Éirinn le feiceáil in Aguisín 5.

### Cumann Buon Choimeádtha Iarnróid na hÉireann

Eagraíocht iarnróid freisin is ea an Cumann Buon Choimeádtha Iarnróid na hÉireann a oibríonn traenacha oidhreachta gail agus díosail. Oibríonn siad seirbhísí ar líonra iarnróid Iarnród Éireann áfach rud

lena dtagann rioscaí difriúla breise. Thairis sin, mar Ghnóthas Iarnróid (GI) atá faoi Threoir an AE maidir le Sábháilteacht Iarnróid, bíonn siad faoi réir réimis maoirseachta difriúil atá ar aon dul leis na rioscaí a thugann siad isteach ar líonra Iarnród Éireann. Mar GI, tá deimhniúchán sábhailteachta ag RPSI bunaithe ar inghlacthacht a Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta, a ndéanann an CRI maoirseacht ar a chomhlíonadh freisin.

Thug an CRI faoi dhá chigireacht ar an RPSI in 2017, aon cheann amháin lena ndearnadh seiceáil ar chothabháil an rothstoic, an ceann eile lena ndearnadh athbhreithniú ar a n-oibríochtaí i rith cheann dá gcuid imeachtaí séasúracha.

## Foláirimh ón Tionscal


Faigheann an CRI foláirimh sábháilteachta tionscail ón nGníomhaireacht Eorpach Iarnróid (EUAR) nuair agus de réir mar is gá. Nuair a mheastar gur cuí é, cuirtear an fhaisnéis seo ar fáil do gach eagraíocht iarnróid ábhartha a oibríonn sa stát go dtabharfaidh siad súil air agus go ngníomhóidh siad dá réir de réir mar is gá. Lena chois sin, tharraingeofaí aire eagraíochtaí iarnróid ar thionóiscí san AE agus go hidirnáisiúnta lena chinntiú go n-íoslaghdófar tarlúintí cosúil leo anseo in Éirinn.

Mar shampla, tar éis na tionóisce tragóidí in Croydon, an Ríocht Aontaithe an 9ú Samhain 2016, lorg an CRI dearbhuithe ó Transdev, oibreoir thramanna LUAS Bhaile Átha Cliath, i rith 2017, go bhfuil córais i bhfeidhm chun an riosca go dtarlódh rud cosúil leis sin i mBaile Átha Cliath, a íoslaghdú.

## UIRÍLL

In 2017, fuair an CRI 58 uiríoll a bhain le raon ceisteanna ó thaobh bhonneagair agus oibriú na n-iarnród trom agus éadrom de Ba é sin an líon céanna uiríoll is a fuarthas in 2016 (Féach an graf thíos le haghaidh mionsonraí ar threochtaí na n-uiríoll). As measc na 58 uiríoll a fuarthas in 2017, bhain 49 uiríoll le bonneagar nó oibríochtaí Iarnród Éireann, bhain 6 chinn le córas LUAS agus bhain an fuílleach le cúrsaí ginearálta ó thaobh reachtaíochta nó an líonra go príomha.

Tugann an CRI an-aird ar fad ar aon uiríoll a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta iarnróid ó fhoireann iarnóid, ó phaisinéirí iarnróid, ón bpobal nó ó dhaoine eile. Cintíonn an CRI go dtugtar aghaidh ar uiríll.




*Graf 1: Uiríll a fuair an CRI*

## FEIDHMÍOCHT Ó THAOBH NA SÁBHÁILTEACHTA

Ag na cruinnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta leis na heagraíochtaí iarnróid éagsúla, déantar athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta 'bliain go n-uige seo' agus pléitear sin. Cuireann na heagraíochtaí iarnróid sonraí na dtascairí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta i láthair agus soláthraítear mionsonraí / míniú nuair a iarrtar amhlaidh. Mar a tugadh le fios, cabhraíonn eolas ón bpróiseas athbhreithnithe seo le gnéithe breise agus gnéithe de phleananna maoirseachta an CRI amach anseo a threorú.

Foilsíonn an CRI tuarascáil ar leithligh ar bhonn bliantúil lena dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht na n-iarnród ó thaobh na sábháilteachta in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo i gcomhair 2017, mar ab amhlaidh le tuarascálacha roimhe, níos déanaí sa bhliain chun éascú le fáil na sonraí bailíochtaithe iomlána bliana ó na heagraíochtaí iarnróid ar fad.

Cuirtear roinnt de na sonraí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid, a bhí ar fáil tráth fhoilsithe na tuarascála bliantúla seo, i láthair in Aguisín 4.

.






## IDIR-INOIBRITHEACHT AGUS SÁBHÁILTEACHT IARNRÓID I LIMISTÉAR IARNRÓID AONAIR AN AE

Tréimhse dianghníomhaíochta ab ea 2017 ó thaobh próiseas forbartha dhlíthe an AE lena rialaítear na hiarnróid, go háirithe na hionstraimí lena dtacaítear leis an gceathrú pacáiste iarnróid de dhlíthe iarnróid an AE lena bhféachtar le hinréimniú a bhaint amach ó thaobh rialachán in éineacht leis an margadh do tháirgí agus seirbhísí iarnróid a oscailt tuilleadh.

In 2016, tugadh colúin teicniúla agus margaidh an cheathrú pacáiste chun críche, agus tháinig trí threoir iarnróid athmhúnlaithe dá bharr, a bhaineann le sábháilteacht iarnróid, idir-inoibritheacht iarnróid agus an limistéar iarnróid aonair. Athmhúnlaíodh an rialachán le haghaidh Ghníomhaireacht Iarnróid an AE (ERA) freisin, á fhágáil gurbh é an t-údarás lárnach é chun gnóthais iarnróid a dheimhniú agus feithiclí iarnróid a údarú, i gcás go n-oibríonn siad go hidirnáisiúnta, (éifeachtach ó lár 2019) agus lenar comhdhlúthaíodh a ról mar údarás an chórais don Chóras Bainistíochta Tráchta Iarnróid Eorpach (ERTMS).

Tacaíonn ionstraimí teicniúla leis na treoracha maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid, a éascaíonn leis na treoracha sin a chur i ngníomh, lena n-áirítear comh-mhodhanna sábháilteachta, agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idir-inoibritheachta.

Le cinntiú go dtéitear i gcomhairle go leor le príomhpháirtithe leasmhara an tionscail, leis na ballstáit agus leis na húdaráis náisiúnta sábháilteachta (NSAs), cuireadh grúpa nua saineolaithe ar bun a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó bhallstáit agus ón tionscal chun feidhmiú go comhthreomhar leis an gCoiste um Idir-Inoibritheacht agus Sábháilteachta Iarnróid (RISC), chun comhairle a thabhairt faoi na hionstraimí teicniúla athchóirithe.

In 2017, athfhoirmlíodh na hionstraimí teicniúla a bhí ann cheana féin agus dréachtaíodh cinn nua. Beidh na hionstraimí nua infheidhmithe nuair a bheidh na treoracha nua trasuite i ndlíthe náisiúnta. Rinne an grúpa saineolaithe géarscrúdú agus leasú ar na dréachtaí a mhol Coimisiún an AE i dtaca leis an gcolún teicniúil den cheathrú pacáiste iarnróid sular cuireadh iad i láthair Choiste RISC iad le glacadh leo.

In 2017, rinne an CRI ionadaíocht thar ceann an Stáit ag na cúig chruinniú de ghrúpa na saineolaithe, agus

ag na trí chruinniú de Choiste RISC. Rannchuidigh an CRI go gníomhach, go díreach agus i scríbhinn, sna comhráite mionsonraithe ag grúpa na saineolaithe agus RISC agus cruthaíodh achtanna feidhmiúcháin dá thoradh sin le haghaidh deimhnithe sábháilteachta aonair agus socruithe praiticiúla le feithiclí a údarú, agus do na hachtanna tairmligthe maidir le CSManna do chórais bhainistíochta sábháilteachta agus don mhaoirseacht, agus don phróiseas ag coiste RISC le hiad a ghlacadh.  Rannchuidigh an CRI freisin le comhráite tosaigh maidir leis an acht feidhmiúcháin lena ndéileáiltear le táillí agus muirir ar sheirbhísí a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil agus na NSAanna i ndáil le hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta idirnáisiúnta agus údaruithe feithiclí.

Ghlac an CRI páirt sa chomhdháil faoin Limistéar Iarnróid Aonair Eorpach in Amstardam i mí Mheithimh 2017 freisin, mar ar chuir sé a chuid dearcaí agus moltaí in láthair maidir le trasuíomh éifeachtach threoracha teicniúla an AE i ndlíthe náisiúnta.

## CÚNAMH DON ROINN IOMPAIR, TURASÓIREACHTA AGUS SPÓIRT

In 2017, fuair an CRI sraith uasdátaithe de thábhlaí i ndáil le trasuíomh do na treoracha athmhúnlaithe maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid ó Choimisiún an AE, agus sholáthair an CRI iad sin don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Dearadh na táblaí seo chun cabhrú le gach duine a bhíonn páirteach san obair le trasuíomh comhchuibhithe an dá threoir seo.

Chuaigh an CRI i gcomhairle go mór leis an GI-IÉ agus BB-IÉ chun an dréachtphlean náisiúnta a fhorbairt chun sonraíocht theicniúil an AE, maidir le hidir-inoibritheacht oibríochtaí iarnróid (TSI) agus bainistíocht tráchta, a chur i ngníomh. Chuaigh an CRI i gcomhairle leis an BB-IÉ agus leis an Roinn freisin nuair a bhí siad ag dréachtadh plean náisiúnta chun sonraíocht an TSI a chur i ngníomh ó thaobh daoine le gluaisteacht laghdaithe. Sheol an CRI an dá dhréachtphlean chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa chaoi gurbh fhéidir leo-san iad a fhógairt go hoifigiúil do Choimisiún an AE thar ceann an Stáit.

Sholáthair an CRI comhairle oibiachtúil freisin don Roinn maidir leis an ngá le huasdátú a dhéanamh ar an reachtaíocht náisiúnta um thástáil oibrithe iarnróid atá criticiúil don sábháilteacht le féachaint an raibh drugaí nó alcól ina gcuid fola.

## COMHAIRLE SÁBHÁILTEACHTA IARNRÓID IDIRNÁISIÚNTA

Soláthraíonn an Chomhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta (IRSC) fóram domhain le taithí agus ceachtanna a mhalartú chun sábháilteacht iarnróid a fheabhsú agus tá an Chomhairle tugtha do shaincheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht iarnróid amháin. D'aontaigh an CRI Comhdháil IRSC 2018 a óstáil i mí Dheireadh Fómhair 2018. D'fhorbair an CRI a théama don chomhdháil "Cultúr Eagraíochta ar Mór leis an tSábháilteacht" agus chuir sé a thogra faoi bhráid na Comhairle ag comhdháil 2017 i Hong Cong i mí Dheireadh Fómhair 2017. Chuir an CRI ábhar sonrach i láthair sheisiún iomlánach na rialtóirí sábháilteachta, maidir le cultúr sábháilteachta eagraíochtaí iarnróid, lena léirítear téama chomhdháil na Comhairle in 2018. Ghlac an Chomhairle leis an téama a moladh agus beidh an obair phleanála don chomhdháil tugtha chun cinn i gcaitheamh 2017 ag coiste stiúrtha na comhdhála le hionadaithe ó na príomheagraíochtaí iarnróid in Éirinn.

## IOMPAR EARRAÍ CONTÚIRTEACHA

Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag soláthar seirbhíse scrúdúcháin agus deimhniúcháin do chomhairleoirí um earraí contúirteacha tríd an Institiúid Chairte Loighistice agus Iompair. Lena chois.





# TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS & RIALÁLA

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS RIARACHÁN

Déanann an rialachas corparáideach na córais agus nósanna imeachta lena ndéantar fiontair a stiúradh agus a rialú. Maidir leis sin, ghlac an CRI an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, faoi mar atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais. Uasdátaíodh an Cód Cleachtais i mí Mheán Fómhair 2016 agus chuir an CRR tús lena athbhreithniú in 2017 chun bearta a chur i ngníomh lena chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais athbhreithnithe an chóid.

## CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Tagann cuid den mhaoiniúchán don Choimisiún ó Thobhach Sábháilteachta a chuirtear ar na heagraíochtaí iarnróid éagsúla agus cuid ó Dheontas ón Státchiste.

Bhain an CRI leas in 2008 as foráil alt 26(1) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 in 2008 lenar féidir leis an gCoimisiún, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh chun tobhach a fhorchur ar ghnóthais iarnóid. Tá na Rialacháin i gcomhair 2017 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 87 de 2017. Tá feidhmiú an mhaoiniúcháin ag an gCoimisiún léirithe thíos:

| | **2016** (€ milliún) | **2017** (€ milliún) |
|---|---|---|
| Buiséad | 2.01 | 2.23 |
| Deontas Státchiste | 0.42 | 0.62 |
| Riachtanas le Tobhach | 1.59 | 1.61 |
| Costais oibriúcháin | 1.90 | * |
| Barrachas | (0.11) | * |

*Tábla 7- CRI foinsí maoinithe*

** Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais iomlána i gcomhair 2017 a iniúchadh.*

## RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Aithníonn an CRI go bhfuil sé d'fhreagracht air a chinntiú go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcoinnítear an córas sin ar bun. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú absalóideach a sholáthar go mbíonn sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go mbíonn earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó go mbrathfaí iad i dtréimhse tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an obair le córas na rialuithe inmheánacha ar chúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar léirmheas go leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Dearbhaíonn an CRI go bhfuiltear ag déanamh de réir gach nóis imeachta i gcomhair na tuairisceoireachta airgeadais, iniúchóireachta inmheánaí, soláthair, agus diúscairte sócmhainní.

Foilsítear cuntais iniúchta bliantúla an CRI ar leithligh ón tuarascáil seo.

## LUATH SAOTHAIR IOMLÁN FHOIREANN AN CRI

| Raon scála pá na dtuara | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Chuig** | **2016** | **2017** |
| €60,000 | €69,999 | - | 6 |
| €70,000 | €79,999 | - | - |
| €80,000 | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | €99,999 | 3 | 3 |
| €100,000 | €109,999 | - | - |
| €110,000 | €119,999 | - | - |
| €120,000 | €129,999 | - | - |
| €130,000 | €139,999 | 1 | 1 |

*Miondealú Tuarastail ar fhostaithe CRI*

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000 de bhun chiorcál 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ba é €135,555 tuarastal an Choimisinéara i gcomhair 2017. D'éirigh an Coimisinéir as an 29ú Lúnasa 2017 mar sin ba é €88,092 an luach saothair don Choimisinéir in 2017. Lena chois sin, íocadh speansais ar luach €1,804.

Ní bhfuair an Coimisinéir aon bhónas nó pheorcaisí sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochar scoir an Choimisinéara ar aon dul le teidlíochtaí caighdeánacha i scéim pinsin mhionsamhlach le sochar sainithe na hearnála poiblí.

## DUALGAIS CHÁNACH A CHOMHLÍONADH

Tá a chuid oibleagáidí cánach á gcomhlíonadh ag an gCoimisiún.

## TAISTEAL AGUS SPEANSAIS

Comhlíonann an CRI gach ciorclán ábhartha ón Roinn Airgeadais / Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe maidir le speansais taistil, chothaithe agus speansais ghaolmhara.

## TIOMANTAS DON GHAEILGE

Tá an CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i ngníomh. Tá comharthaíocht agus stáiseanóireacht an CRI i nGaeilge agus Béarla araon faoi láthair.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Áiríodh an CRI i measc na n-eagraíochtaí a liostaíodh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do bheith ag déanamh de réir phrionsabail an Achta seo. In 2017 fuarthas aon iarratas amháin um Shaoráil Faisnéise agus deonaíodh é agus eisíodh freagairt dó laistigh an amlíne reachtúil.

## CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ

Tugadh an Chairt Chustaiméirí cothrom le data in 2013 agus tá sé ar fáil ar shuíomh idirlín an CRI. Cuirtear síos sa Chairt seo ar an leibhéal seirbhíse gur féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón gCoimisiún.

## BAINISTÍOCHT RIOSCAÍ

Tá córas bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun súil a choinneáil ar rioscaí buntábhachtacha dá ghnó. Tá seo faoi athbhreithniú faoi láthair i bhfianaise an Chóid Chleachtas aithbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## CÓD UM EITIC AGUS IOMPAR GNÓ

Cuireadh Cód um Eitic agus Iompar Gnó i bhfeidhm in 2016 don Choimisinéir agus do bhaill foirne uile an CRR, agus tá sé faoi athbhreithniú faoi láthair i bhfianaise an Chóid Chleachtas aithbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## TUAIRISCEOIREACHT BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

In 2017 thuairiscigh an CRI faoi fheidhmíocht na heagraíochta ó thaobh fuinnimh in 2016 d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi mar a cheanglaítear air faoi rialacháin an AE. In 2016, rinne an CRI coigilteas 67.7% maidir le fuinnimh a ídiú. Leanann an CRI ar aghaidh le bheith ag obair i dtreo éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a fheabhsú agus beidh sé ag tuairisciú ar a fheidhmíocht agus ag comhlíonadh a oibleagáid dhlíthiúil chun sonraí fuinnimh a thuairisciú.

## ATHBHREITHNIÚ AR SHOCRUITHE RIALACHAIS AN CRI

In 2017, the CRR initiated a review of its governance arrangements in view of the update of the Code of Practice for the Governance of Public Bodies 2016. The CRR is undertaking this review on the basis of 'comply or explain', and it will put in place the required agreements with the Department of Transport Tourism and Sport during 2018.

## RÁITEAS STRAITÉISE 2015 – 2017

Tá an Ráiteas Straitéise reatha sa bhliain deiridh dó anois agus tá an straitéis nua le cur i láthair an Aire i mí Mheitheamh 2018. Cuirfear tús leis an bpróiseas chun an straitéis nua a fhorbairt don CRI go luath in 2018.



## FEIDHMEANNA RIALÁLA AN MHARGAIDH

De réir Chonradh Ilbhliantúil an Bhonneagair Iarnróid (Conradh) dar dáta an 13ú Meitheamh 2014 idir an tAire Iompair, Turasóireacht agus Spóirt agus Iarnród Éireann (Bainisteoir Bonneagair), cheap an tAire an Coimisiún Sábháilteachta Iarnróid (RSC), mar a bhí, chun tabhairt faoi róil an "Rialtóra Iarnróid" de réir an chonartha.

Ainmnítear an Rialtóir Iarnróid (anois an Coimisiún um Rialáil Iarnróid) chun gníomhú mar an Comhlacht Monatóireachta Neamhspleách chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair. Ceanglaítear ar an Rialtóir Iarnróid tuairisc a sholáthar don Aire ar an dul chun cinn a rinne an Bainisteoir Bonneagair maidir le clár na n-oibreacha agus measúnacht ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair le seirbhísí bonneagair a sheachadadh faoi mar a thomhaistear de réir na bPríomhtháscairí Feidhmíochta.(Include some of these)

Ar an 3ú Márta 2017, d'eisigh an CRI a Thuarascáil Bhliantúil MAC BB-IÉ i gcomhair 2016 don Aire. (Príomhthorthaí)

I gcaitheamh 2017 lean an CRI ar aghaidh lena fheidhm mhonatóireachta neamhspleách i ndáil le caiteachas 2017 agus tá tuairiscí ráithiúla eisithe aige don Aire.

## TUAIRISC FAOI ACHT NA NOCHTUITHE COSANTA 2014


Faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuairisc a fhoilsiú faoi líon na nochtuithe cosanta a dhéantar don chomhlacht poiblí sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh (má rinneadh aon chinn) mar fhreagairt ar na nochtuithe cosanta. In 2017 ní bhfuair an Ceannaire Riaracháin, i gcomhthéacs a róil mar dhuine forordaithe faoi Acht na Nochtuithe Cosanta 2014, aon nochtuithe cosanta ó pháirtithe seachtracha taobh amuigh den Údarás.






AGUISÍNÍ

## AGUISÍN 1 - LÍON NA BPAISINÉIRÍ AR NA CÓRAIS IARNRÓID TROMA AGUS ÉADROMA




*Graf 2 - Turais ag Paisinéirí ar líonra Iarnród Éireann*




*Graf 3 - Turais ag Paisinéirí ar líonra LUAS*

## AGUISÍN 2 – CRI TORTHAÍ INIÚCHTAÍ AGUS CIGIREACHTAÍ 2017

| | | Torthaí Iniúchóireachta an CRI | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | OSCAILTE | | CRÍOCHNAITHE | | DÚNTA | |
| | Bliain | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| BB-IÉ | 2014 | 100 | 40 | 0 | 0 | 127 | 23 |
| | 2015 | 33 | 16 | 0 | 0 | 194 | 49 |
| | 2016 | 6 | 3 | 5 | 5 | 216 | 57 |
| | 2017 | 22 | 10 | 7 | 3 | 221 | 61 |
| GI-IÉ | 2014 | 78 | 28 | 1 | 0 | 12 | 2 |
| | 2015 | 71 | 26 | 1 | 0 | 31 | 6 |
| | 2016 | 18 | 6 | 48 | 16 | 46 | 13 |
| | 2017 | 10 | 1 | 43 | 12 | 64 | 22 |
| LUAS | 2014 | 54 | 6 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| | 2015 | 50 | 4 | 0 | 0 | 22 | 3 |
| | 2016 | 22 | 2 | 26 | 2 | 28 | 3 |
| | 2017 | 27 | 5 | 25 | 1 | 29 | 4 |
| BBRI | 2014 | 5 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2015 | 0 | 0 | 0 | 3 | 5 | 1 |
| | 2016 | 1 | 0 | 6 | 1 | 10 | 4 |
| | 2017 | 8 | 4 | 3 | 0 | 15 | 5 |
| RPSI | 2014 | 11 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2015 | 11 | 2 | 0 | 0 | 0 | 1 |
| | 2016 | 9 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |
| | 2017 | 9 | 2 | 2 | 0 | 3 | 1 |
| NIR | 2014 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2015 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2016 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2017 | 8 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 |

*Tábla 9 - Torthaí Iniúchta an CRI*

| | Bliain | Torthaí Cigireachta an CRI | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | OSCAILTE | | CRÍOCHNAITHE | | DÚNTA | |
| | | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| BB-IÉ | 2016 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2017 | 11 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| GI-IÉ | 2016 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2017 | 14 | 5 | 2 | 1 | 1 | 1 |
| NIB | 2016 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2017 | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 |

*Tábla 10 - Torthaí Cigireachtaí CRI*

| | Bliain | Torthaí Cigireachta Iar-Eachtra an CRI | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | OSCAILTE | | CRÍOCHNAITHE | | DÚNTA | |
| | | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna | GRanna | NRanna |
| BB-IÉ | 2014 | 27 | 10 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2015 | 14 | 3 | 0 | 0 | 13 | 7 |
| | 2016 | 11 | 7 | 2 | 0 | 26 | 9 |
| | 2017 | 11 | 3 | 1 | 0 | 28 | 13 |
| GI-IÉ | 2014 | 6 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 2015 | 9 | 4 | 0 | 0 | 2 | 0 |
| | 2016 | 3 | 1 | 6 | 3 | 5 | 1 |
| | 2017 | 0 | 0 | 8 | 4 | 7 | 1 |

*Tábla 11 - CRI Torthaí Cigireachtaí ar Thimpiste*

## AGUISÍN 3 – AITI MOLTAÍ

Moltaí arna n-eisiúint ag an Aonad um Imscrú Tionóiscí Iarnróid de bhun Thuairiscí a nImscrúdaithe.

| | | Moltaí an AITI | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Tuairiscí** | **Oscailte** | **Críochnaithe** | **Dúnta** | **Iomlán** |
| 2010 | 6 | 1 | 0 | 25 | 26 |
| 2011 | 6 | 1 | 5 | 11 | 17 |
| 2012 | 3 | 2 | 1 | 10 | 13 |
| 2013 | 3 | 1 | 0 | 9 | 10 |
| 2014 | 6 | 5 | 1 | 21 | 27 |
| 2015 | 2 | 2 | 1 | 1 | 4 |
| 2016 | 3 | 14 | 0 | 6 | 20 |
| 2017 | 1 | 9 | 0 | 0 | 9 |
| | | 35 | 8 | 83 | 126 |

*Tábla 12 - AITI Moltaí*

| Catagóir | '06 | '07 | '08 | '09 | '10 | '11 | '12 | '13 | '14 | '15 | '16 | '17 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagair Iarnróid: gortuithe do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagar Iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairteoir, gan baint ag aon traein leis | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist | 7 | 5 | 8 | 3 | 8 | 7 | 5 | 4 | 6 | 2 | 5 | 9 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 55 | 50 | 43 | 17 | 64 | 46 | 41 | 39 | 45 | 48 | 79 | 57 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 41 | 35 | 22 | 40 | 28 | 10 | 27 | 43 | 18 | 15 | 31 | 33 | |
| **Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | | |
| Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 2 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | | |
| **Bonneagar Iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do chustaiméir nó do chuairteoir ar áitreabh | 72 | 70 | 54 | 56 | 85 | 113 | 116 | 193 | 205 | 146 | 192 | | |
| Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraithe san áireamh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 3 | 0 | 1 | 2 | | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 15 | 7 | 8 | 13 | 11 | 7 | 13 | 5 | 21 | 3 | 1 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 38 | 36 | 37 | 31 | 27 | 22 | 32 | 39 | 43 | 32 | 30 | 30 | |
| **Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 31 | 42 | 42 | 34 | 30 | 23 | 32 | 41 | 25 | 6 | 23 | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 2 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 0 | 3 | | |
| **Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 30 | 36 | 27 | 21 | 10 | 18 | 10 | 14 | 18 | 13 | 11 | | |

*Tábla 13 - Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Básanna & Gortuithe*

Nóta: Níl sonraí i réimsí a chuirtear chun suntais i ndath buí ar fáil nó bailíochtaithe go fóill. Foilseofar sonraí iomlána i dTuarascáil bhliantúil an CRI faoin Athbhreithniú ar Fheidhmíocht Iarnróid ó thaobh na Sábháilteachta 2017.

## Staitisticí Imbhualadh Traenach de réir Chatagóir


| Catagóir | '03 | '04 | '05 | '06 | '07 | '08 | '09 | '10 | '11 | '12 | '13 | '14 | '15 | '16 | '17 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar líne reatha | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach/ feithicle iarnróid agus í ag gluaiseacht ag stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | |
| Imbhualadh traenach le mótarfheithicil ag crosaire comhréidh | 1 | 2 | 2 | 1 | 4 | 4 | 0 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 3 | |
| Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh | 2 | 4 | 2 | 2 | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le mótarfheithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh) | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | |
| Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne | 4 | 10 | 8 | 5 | 9 | 17 | 10 | 1 | 7 | 6 | 7 | 29 | 1 | 31 | 25 | |
| Imbhualadh traenach le hainmhí nó ainmhithe móra ar an líne | 43 | 40 | 42 | 43 | 42 | 33 | 20 | 24 | 35 | 26 | 29 | 9 | 29 | 35 | 23 | |
| **TOTAL** | **54** | **56** | **55** | **53** | **58** | **56** | **31** | **29** | **43** | **36** | **39** | **41** | **33** | **68** | **53** | |

*Tábla 14 - Staitisticí maidir le hImbhuailtí traenach de réir na bliana de réir catagóirí*

# There is an extra graph here in Irish

## Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADs)


Sainmhínítear SPAD mar rud atá tarlaithe nuair a théann traein thar comhartha stad (dearg) gan údarás. Imeacht réamhtheachta ar leith a bhíonn iontu a ndéanann an CRI monatóireacht orthu ag a gcruinnithe maoirseachta le IÉ. Laghdú seasta is ea an treocht atá ann le blianta beaga anuas.




*Graf 4 - Dul thar stad comharthaí contúirte ar an líonra náisiúnta gan cead*


## Traenacha a imíonn de na ráillí

Fanann líon na dtraenacha a imíonn de na ráillí ar leibhéil ísle agus níor tuairiscíodh ach aon tarlúint amháin ar líne reatha in 2017. Ba é sin an uair a d'imigh traein DART de na ráillí ar luas íseal díreach ó thuaidh ó stáisiún Dhún Laoghaire an 13ú Meán Fómhair agus níor bhain aon ghortú tromchúiseach do phaisinéirí. Tá imscrúdú á dhéanamh ar an tionóisc sin ag an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid.




*Graf 5 - Traenacha a d'imigh de na ráillí*

## Tionóiscí Tráchta ar Bhóithre (Imbhuailtí) a bhain le tramanna de réir na bliana





*Graf 6 -Timpistí idir trácht bóthair agus an Luas*

## Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (SPADs)

Tarlaíonn na heachtraí seo ar líonra LUAS freisin, cé nach n-aithníonn an córas comharthaíochta go huathoibríoch iad seo. Ina áit sin, braitheann sé ar an tiománaí féintuairisciú a dhéanamh i gcás go dtéann siad thar chomhartha contúirte. Ní bhíonn ach staitisticí teoranta ar fail don táscaire seo, toisc gur catagóir feidhmíochta réasúnta nua ó thaobh na sábháilteachta atá ann i gcúrsaí iarnróid éadroim. Agus sin ráite, in 2017, tuairiscíodh go raibh 28 eachtra dá leithéid ann i gcomparáid le 21 in 2016. Ní thuigtear cad is cúis leis an méadú seo faoi láthair, ach b'fhéidir gur tháinig feabhsú ar thuairisceoireacht na dtiománaithe tram de bharr eolas agus tuiscint a bheith feabhsaithe.

## Tramanna a imíonn de na ráillí

Tá líon na dtramanna a imíonn de na ráillí fós ag leibhéil ísle agus níor tuairiscíodh aon chás in 2017. Léirítear i nGraf 8 stair na n-eachtraí seo ó cuireadh tús le hoibríochtaí in 2005.




*Graf 7 – LUAS derailments*

## Bord na Móna

In 2017 thuairisc BNM ceithre tharlúint don CRI ar bhain gach cás le crosairí comhréidhe. Is iad seo a leanas na tarlúintí;

- Cás inar imigh traein de na ráillí ar luas íseal
- Cás inar bhuail traein le carr páirceáilte ar luas íseal. Fágadh an carr ina bhac ar an líne iarnróid
- Geataí crosaire comhréidhe a bhí fágtha dúnta agus faoi ghlas trasna bóthair phoiblí
- Geata crosaire comhréidhe nár srianadh i gceart agus ar shéid an ghaoth oscailte thar bhóthar poiblí é.

Níor bhain aon ghortuithe d'fhostaí de chuid BNM nó do dhuine den phobal agus níor bhain ach damáiste réasúnta mionchúiseach do bhonneagar.

## Graf 6 -Timpistí idir trácht bóthair agus an Luas

Ní raibh aon tarlúintí tuairiscithe ag aon iarnród oidhreachta in 2017. É sin ráite, thug cigirí de chuid an CRI cuairt ar gach ceann de na hiarnróid oidhreachta réamhluaite in 2017 agus iad i mbun cigireachta ar rothstoc agus ar shócmhainní bonneagair agus ar a gcórais bhainistíochta sábháilteachta faoi seach.

## Cumann Buon Choimeádtha Iarnróid na hÉireann

Bhí aon tarlúint tuairiscithe amháin ann in 2017 a bhain le traein de chuid RPSI inar bhuail traein, ar luas íseal, faoi stad maolánach i Stáisiún Uí Chonghaile. Ní raibh aon phaisinéirí ar sheirbhís na traenach sin ag an am agus níor bhain ach damáiste mionchúiseach don stad maolánach. É sin ráite, tá an CRI ag imscúdú an eachtra.

## AGUISÍN 5 – IARNRÓID OIDHREACHTA


**Iarnróid Oidhreachta le Deimhniú Sábháilteachta reatha**

| | |
|---|---|
| Iarnród Éadrom Dhuibhlinne<br>Páirc Oakfield<br>Ráth Bhoth<br>Co. Dhún na nGall | Iarnród caol príobháideach is ea Iarnród Éadrom Dhuibhlinne, 4.5km ar a fhad, ar thailte Dhiméin Pháirc Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún nan nGall. Ritheann an líne trí gharraithe éagsúla a bhfuil tírdhréachtú déanta orthu lena n-áirítear gnéithe mar fhaichí, lochanna, coillte, móinéir agus srutháin. |
| Cumann Traenach na Gaeltacht Láir<br>Baile na Finne<br>Co. Dhún na nGall | Iarnród caol is ea Cumann Traenach na Gaeltacht Láir atá 4.8km ar a fhad. Ritheann an t-iarnród ó Bhaile na Finne chuig rinn ar a dtugtar 'Ceann an Locha'. Tionscadal ar leis an gcomhphobal é atá maoinithe ag an Rialtas agus oscailte don phobal ar dhátaí sonraithe. |
| Iarnród Caol Irish Steam Preservation Society<br>Sráidbhaile<br>Co. Laoise | Tá an t-Iarnród caol ag Irish Steam Preservation Society, a luaitear ar a chuid margaíochta mar Mhearthraein Choillearnach Shráidbhaile, lonnaithe i gcoillearnach Eastát Halla Shráidbhaile trí aontú léasa leis an tiarna talún. Iarnród caol atá ann, 800m ar a fhad. Oibrithe deonacha a fheidhmíonn an t-iarnród chun críocha oidhreachta agus áineasa. |
| Traein Aonráille Lartigue<br>Bóthar John B Keane<br>Lios Tuathail<br>Co. Chiarraí | Tá Traein Aonráille Lartigue, LMR, suite ar bhóthar John B Keane, Lios Tuathail, Co. Chiarraí. Tá trí limistéar suaithinseacha san iarnród, mar atá, an Príomhláithreán, an Iarsmalann agus an Láithreán bunaidh. Tá an t-iarnród féin suite laistigh den phríomhláithreán. Tá an bealach isteach chuig an láithreán i gceist le cuid na hIarsmalainne, chomh maith leis an gcarrchlós agus foirgneamh na hIarsmalainne. Ar chúl an charrchlóis tá an Láithreán bunaidh mar a aimsíodh Lartigue 1886, ar nochtadh a iarsmaí. |
| Páirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo,<br>Loilíoch Mór<br>Ráth Iomgháin<br>Co. Chill Dara | Turas lúbtha 1km ar a fhad is ea Iarnród Oidhreachta Loilíoch Mór trí thailte lagphortaigh atá á n-athshlánú i bPáirc Oidhreachta & Fionnachtana Loilíoch Mór Teo, Ráth Iomgháin, Co. Chill Dara. |
| Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire<br>Stáisiún Chill Mhíodáin<br>Cill Mhíodáin<br>Co. Phort Láirge | Iarnród caol is ea Iarnród Ghlean Phort Láirge agus na Siúire idir Stáisiún Chill Mhíodáin agus Carraig na bhFraochán, Cathair Phort Láirge. Ritheann sé ar chuid den líne iarnróid tréigthe idir Port Láirge agus Mala. Tá an t-iarnród 10km ar a fhad. Bord Stiúrthóirí deonacha a dhéanann maoirseacht ar an gCuideachta. |

## AGUISÍN 5 – IARNRÓID OIDHREACHTA

**Iarnróid Oidhreachta nach bhfuil Deimhniú Sábháilteachta reatha acu**

| | |
|---|---|
| Iarnród an Chabháin & Liatroma<br>Dromod<br>Co. Liatroma | Iarnród caol is ea Iarnród an Chabháin & Liatroma atá 0.8km ar a fhad. Rithe-ann an t-iarnród ó stáisiún Dhromaid chuig pointe istigh agus amuigh ar 90 méadar ó bhóthar Mhaothail-Dhromaid ar raon bunaidh Iarnród an Chabháin agus Liatroma. |
| Cuideachta Iarnród Gaile Thrá Lí-An Dainge-an Teo<br>Halla an Bhaile<br>Cé an Phrionsa<br>Trá Lí<br>Co. Chiarraí | Iarnród caol is ea Iarnród Thrá Lí-An Daingean atá 3km ar a fhad agus a ritheann ó Stáisiún an Bhaile Aird ag Trá Lí chuig Stáisiún Chathair Uí Mhóráin. Ritheann an t-iarnród ar feadh líne na líne iarnróid dúnta idir Trá Lí agus an Daingean. |
| Iarnród an Chláir Thiar Teo<br>Gabhal Mhaigh Sheasta<br>Cill Rois | Iarnród caol is ea Iarnród an Chláir Thiar, a oibrítear thar 4km de raonta. Tá lár an iarnróid ag an iarstáisiún ag Maigh Sheasta, in aice Chill Rois Co. an Chláir mar a bhfuil teach bunaidh an stáisiúin athchóirithe le bheith ina iarsmalann. Ritheann an líne atá á húsáid thar leaba raonta bunaidh Iarnród an Chláir Thiar. |




An Coimisiun um Rialail Iarnroid.
Sábháilteacht iarnróid a chur chun cinn.
Tel: 01 2068110
www.crr.ie